Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 5 Deireadh Fómhair 2023**
**(OR. en)**

**13832/23**

**TRANS 397**
**CLIMA 445**
**ENV 1083**
**SAN 567**
**IND 512**
**STATIS 62**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 4 Deireadh Fómhair 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2023) 566 final |
| Ábhar: | TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN lena moltar Dearbhú Eorpach maidir le Róthaíocht |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 566 final.

---

Faoi iamh: COM(2023) 566 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 4.10.2023
COM(2023) 566 final

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN**

**lena moltar Dearbhú Eorpach maidir le Róthaíocht**

## 1. Réamhrá agus réasúnaíocht

Is príomhthosaíochtaí don Choimisiún Eorpach iad folláine na ndaoine agus iomaíochas thionscal na hEorpa a chur i gcroílár an aistrithe ghlais. Tá an rothaíocht, mar cheann de na cineálacha iompair is inbhuanaithe agus is sláintiúla agus mar thionscal atá ag forbairt go tapa, in ann tacú leis an bpróiseas tábhachtach seo.

Trí sciar na rothaíochta a mhéadú, cabhraítear le hastaíochtaí gás ceaptha teasa, truailliú aeir agus truailliú torainn chomh maith le brú tráchta a laghdú. Thairis sin, is féidir leis an rothaíocht feabhas a chur ar an bhfolláine fhisiciúil agus mheabhrach, agus ar an gcuimsiú sóisialta. Is príomhchumasóir í don turasóireacht inbhuanaithe agus tugann sí sochair inbhraite don gheilleagar áitiúil trí phoist ghlasa ar ardcháilíocht, go háirithe fiontair bheaga agus mheánmhéide.

**Dá bhrí sin, molann an Coimisiún sraith prionsabal a bhunú chun cabhrú le leas iomlán a bhaint as acmhainneacht na rothaíochta san Aontas.**

Bheadh na prionsabail sin mar chuid den **Dearbhú Eorpach maidir le Rothaíocht** ('an Dearbhú' anseo feasta), a bhfuil sé d'aidhm aige feidhmiú mar chompás straitéiseach do bheartais ábhartha an Aontais agus náisiúnta amach anseo.

Tá an Dearbhú atá san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Teachtaireacht seo curtha ar aghaidh ag an gCoimisiún, dearbhú atá le síniú ag Parlaimint na hEorpa, ag an gComhairle agus ag an gCoimisiún mar dhearbhú comhpháirteach.

Tá coinne leis go gcuideoidh sé le cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip, na Straitéise um an tSoghluaisteacht Inbhuanaithe agus Chliste agus an Phlean Gníomhaíochta maidir le Truailliú Nialasach a bhaint amach. Thairis sin, tá sé ag teacht le prionsabal 20 de Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, go bhfuil ag cách an ceart chun rochtain a fháil ar sheirbhísí riachtanacha ar ardchaighdeán, lena n-áirítear le haghaidh iompair.

Freagraíonn an togra reatha do na hiarrataí ó Pharlaimint na hEorpa, go háirithe a rún maidir le straitéis rothaíochta AE[1] a fhorbairt, agus ó thromlach na mBallstát[2]. Tá an Dearbhú i gcomhréir le Creat Nua Soghluaisteachta Uirbí AE[3].

## 2. Iarrachtaí atá ar siúl

Mar a luaitear i gCreat Nua Soghluaisteachta Uirbí AE, chun rannchuidiú le cuspóirí aeráide, comhshaoil, digiteacha, sláinte agus sochaí an Aontais, ar cuspóirí iad atá ag éirí níos uaillmhianaí, ní mór don Aontas gníomhaíocht níos cinntithí a dhéanamh maidir leis an tsoghluaisteacht

[1] https://www.europarl.europa.eu/doceo/document/TA-9-2023-0058_EN.html
[2] https://www.benelux.int/fr/publication/european-cycling-declaration/
[3] COM(2021) 811.

uirbeach chun aistriú ón gcur chuige atá ann faoi láthair bunaithe ar shreafaí tráchta go cur chuige atá bunaithe ar shoghluaisteacht níos inbhuanaithe daoine agus earraí[4].

**Mar sin féin, in ainneoin na dtairbhí iomadúla a bhaineann leis an rothaíocht, is beag duine atá fós ag rothaíocht san Aontas**[5], agus tá difríochtaí ollmhóra ann maidir leis an leibhéal rothaíochta ar fud na mBallstát, na réigiún agus na gcathracha. Is é is cúis leis sin go háirithe bonneagar neamhleor agus imní sábháilteachta dá bharr, chomh maith le difríochtaí i ndearcthaí cultúrtha i leith na rothaíochta agus easpa feasachta.

Tá roinnt céimeanna glactha cheana féin ag an Aontas Eorpach agus ag an gCoimisiún go háirithe chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin agus chun an rothaíocht a chur chun cinn, mar shampla:

- athbhreithniú a dhéanamh ar bheartais iompair an Aontais: éilítear leis an Straitéis um an tSoghluaisteacht Inbhuanaithe agus Chliste[6] agus Creat Soghluaisteachta Uirbí AE[7] go méadófaí an glacadh atá leis an rothaíocht agus le cineálacha iompair inbhuanaithe eile;
- úsáid na rothaíochta a spreagadh i gcoincheap an Aontais maidir le pleanáil inbhuanaithe na soghluaisteachta uirbí, cuid de Mholadh (AE) 2023/550 ón gCoimisiún[8] maidir le Cláir Tacaíochta Náisiúnta don Phleanáil maidir le Soghluaisteacht Uirbeach Inbhuanaithe;
- ceanglais a leagan síos chun modhanna gníomhacha iompair a chomhtháthú ar bhealach níos fearr i moil ilmhódacha paisinéirí i nóid uirbeacha, agus chun leanúnachas agus inrochtaineacht raonta rothar a choinneáil chun modhanna gníomhacha iompair a áirítear sa togra le haghaidh Rialachán athbhreithnithe maidir leis an ngréasán tras-Eorpach iompair (TEN-T) a chur chun cinn[9];
- ceanglais a leagan síos maidir le sonraí soghluaisteachta uirbí i nóid uirbeacha a bhailiú agus a chur faoi bhráid an Choimisiúin, sonraí a áirítear sa togra le haghaidh Rialachán athbhreithnithe TEN-T;
- ceanglais a leagan síos maidir le líon íosta spásanna páirceála rothar sa togra le haghaidh Treoir athbhreithnithe maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh[10];

---

[4] Ciallaíonn sé sin go mbeidh cnámh droma níos láidre i gcomhar/iompar poiblí, roghanna soghluaisteachta gníomhaí níos fearr (e.g. siúl, rothaíocht), lóistíocht uirbeach éifeachtach atá saor ó astaíochtaí agus seachadadh ar feadh an mhíle dheiridh, agus an inrochtaineacht a fheabhsú. Cé gur cheart an ilmhódúlacht sin a bheith mar threoirphrionsabal againn maidir leis an tsoghluaisteacht uirbeach, beidh an tsoghluaisteacht astaíochtaí nialasacha, an tsoghluaisteacht nasctha, uathoibrithe agus roinnte ina príomhchuid den aistriú chuig todhchaí uirbeach a bheidh neodrach ó thaobh na haeráide de agus a chuirfidh ar chumas na gceantar tuaithe agus fo-uirbeacha ceangal inbhuanaithe a dhéanamh leis na cathracha. Tá gá le bainistiú níos fearr ar an iompar agus ar an tsoghluaisteacht trí úsáid a bhaint as moil ilmhódacha agus réitigh dhigiteacha chun éifeachtúlacht ar fud an chórais a mhéadú.

[5] De réir shuirbhé Eorabharaiméadair 2019, úsáideann thart ar 9 % de shaoránaigh an Aontais rothair nó scútair (leictreacha) mar phríomh-mhodh iompair. Foinse: https://europa.eu/eurobarometer/surveys/detail/2226.

[6] https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A52020DC0789

[7] https://op.europa.eu/en/publication-detail/-/publication/ad816b47-8451-11ec-8c40-01aa75ed71a1/language-en/format-PDF/source-250877856

[8] https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX:32023H0550

[9] https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A52021PC0812

[10] https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=celex%3A52021PC0802

- úsáid rothar a dhreasú trí chóras nua trádála astaíochtaí (CTA2)[11] a thabhairt isteach lena gcuirfear praghas carbóin ar na breoslaí a úsáidtear i bhfoirgnimh, in earnáil an iompair de bhóthar agus in earnálacha eile, agus lena gcuirfear ioncam suntasach ceantála ar fáil do na Ballstáit chun tacú leis an aistriú glas, lena n-áirítear san earnáil iompair;
- an Ciste Aeráide Sóisialta[12] a chruthú, le cistiú tiomnaithe dírithe ar ghrúpaí leochaileacha a ndéanann CTA2 difear go háirithe dóibh, chun dlús a chur le dícharbónú foirgneamh agus chun glacadh soghluaisteachta agus iompair astaíochtaí nialasacha agus ísle a dhreasú, lena n-áirítear tacaíocht do rothair a cheannach agus a úsáid;
- athmhúnlú ar an Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh[13] a mholadh chun cabhrú le dul i ngleic le dúshláin an iompair a bhaineann leis an aeráid agus leis an gcomhshaol;
- cistiú a sholáthar do thionscadail a bhaineann leis an rothaíocht trí chláir éagsúla, mar shampla, Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, an Ciste Comhtháthaithe, an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa, an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta[14], InvestEU[15] agus an clár Fís Eorpach;
- tacú le taighde agus nuálaíocht[16] i dteicneolaíochtaí agus i seirbhísí a bhaineann leis an rothaíocht, mar shampla, rothair leictreacha, rothair agus trealamh oiriúnaithe nó tiomnaithe do dhaoine faoi mhíchumas, scéimeanna roinnte rothar, agus aipeanna rothaíochta cliste;

---

[11] https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A32023L0959&qid=1688743056255

[12]https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A32023R0955&qid=1688742687499
An Ciste Aeráide Sóisialta, faighte ó ioncam CTA reatha agus go príomha ó CTA nua le haghaidh foirgneamh, iompar de bhóthar agus tionscal beag (CTA2), meastar go slógfaidh sé ó 2026 go 2032 EUR 86.7 billiún de thacaíocht do theaghlaigh leochaileacha, d'úsáideoirí iompair leochaileacha agus do mhicrifhiontair leochaileacha le haghaidh aistriú cothrom.

[13] Togra le haghaidh Treoir ón gComhairle lena ndéantar athstruchtúrú ar chreat an Aontais le haghaidh cáin a ghearradh ar tháirgí fuinnimh agus ar leictreachas (athmhúnlú) (COM/2021/563 final).

[14] Faoi láthair, measann an Coimisiún, bunaithe ar na pleananna téarnaimh agus athléimneachta arna measúnú agus arna bhformheas, gur leithdháil na pleananna sin EUR 1.7 billiún san iomlán ar bhearta a bhaineann le bonneagar rothaíochta. Moladh iad sin agus tá siad á gcur chun feidhme ag an mBeilg, an Bhulgáir, an Chipir, an tSeicia, an Danmhairg, an Eastóin, an Ghréig, an Iodáil, an Laitvia, an Rómáin agus an tSlóvaic.

[15] Roinnt samplaí d'oibríochtaí InvestEU a thacaíonn le soghluaisteacht inbhuanaithe, i measc infheistíochtaí eile:

- Creat InvestEU don Aistriú Inbhuanaithe (an Banc Eorpach Athfhoirgníochta agus Forbartha) chun infheistíocht a dhéanamh i bhfothionscadail maidir le soghluaisteacht inbhuanaithe agus soghluaisteacht uirbeach.
- Oibríocht Creata #14 maidir le Ráthaíocht Inbhuanaitheachta (an Ciste Eorpach Infheistíochta) chun infheistíocht a dhéanamh i soghluaisteacht astaíochtaí ísle agus astaíochtaí nialasacha. Is é sin an chéad táirge ráthaíochta uile-Eorpach a thacaíonn le haistriú glas gnólachtaí beaga agus daoine aonair.
- An Clár Maoinithe d'Fhorbróirí Glasa (an Banc Eorpach Infheistíochta) chun iasachtaí creata a thabhairt do thionscadail a thacaíonn le cuspóirí Chomhaontú Pháras (lena n-áirítear soghluaisteacht ghlas).
- Oibríocht Creata #8 SMEW RIDW Táirge Cothromais Chomhpháirtigh — Réitigh Fotháirge Comhshaoil & Aeráide (an Ciste Eorpach Infheistíochta) chun tacú le taighde, forbairt, léiriú, uas-scálú agus tráchtálú teicneolaíochtaí nó réiteach a chuireann leis an gComhaontú Glas don Eoraip, lena n-áirítear soghluaisteacht agus iompar, agus an timpeallacht uirbeach thógtha.
- Ciste I Shift4Good (an Ciste Eorpach Infheistíochta), atá dírithe ar shoghluaisteacht chliste agus inbhuanaithe agus ar iompar agus ar gheilleagar ciorclach, a dhíríonn go príomha ar ghnólachtaí B2B. Mar sin féin, tá an ciste dírithe níos mó ar aghaidh a thabhairt ar an meán iompair mór ó ghluaisteáin go haeriompar agus ar na hearnálacha muirí.

[16] Tá go leor tionscadal ábhartha le fáil i mbunachar sonraí tionscadal T & N an Aontais Eorpaigh, TRIMIS (https://trimis.ec.europa.eu/)

- an rothaíocht mar spórt, mar ghníomhaíocht áineasa agus mar mhodh iompair a chur chun cinn, rud a chuireann le stíl mhaireachtála shláintiúil agus ghníomhach i gcomhthéacs fheachtas #BeActive[17], arb é Seachtain Eorpach an Spóirt[18] an buaicphointe chomh maith le feachtais múscailte feasachta, mar shampla, an tSeachtain Eorpach um Shoghluaiseacht[19] agus an Chairt Eorpach um Shábháilteacht ar Bhóithre[20];
- tacú le piarfhoghlaim idir na Ballstáit maidir le sábháilteacht úsáideoirí soghonta bóithre a fheabhsú, go háirithe rothaithe, trí Mhalartú Sábháilteachta ar Bhóithre AE[21];
- ceanglais a leagan síos maidir le spásanna tiomnaithe chun rothair a iompar ar thraenacha nua agus uasghrádaithe[22].

## 3. An Dearbhú Eorpach maidir le Rothaíocht

**Chun acmhainneacht na rothaíochta a bhaint amach ionas gur féidir léi cabhrú go héifeachtach le cuspóirí soghluaisteachta, aeráide, comhshaoil, sláinte, tionsclaíocha agus sóisialta an Aontais a bhaint amach, ba cheart go dtiocfadh méadú suntasach ar úsáid na rothaíochta san Aontas**. Chuige sin, ní mór do na húdaráis ar an leibhéal áitiúil, ar an leibhéal réigiúnach, ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais dlús a chur lena n-iarrachtaí an rothaíocht a chur chun cinn agus agus í a dhéanamh níos tarraingtí agus níos sábháilte do dhaoine de gach aois, do leibhéil éagsúla aclaíochta agus dóibh siúd a bhfuil dálaí fisiciúla acu.

**I bhfianaise an mhéid sin, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún sraith prionsabal agus gealltanas gaolmhar a bhunú. Is i bhfoirm dréacht-Dhearbhú ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún a bheidh siad.** Beartaítear an Dréachtdearbhú, mar a chuirtear ar fáil san Iarscríbhinn, mar thogra a bheidh le plé le Parlaimint na hEorpa agus leis an gComhairle, d'fhonn é a shíniú ag na trí institiúid.

Cuireann an Dearbhú atá beartaithe leis na tionscnaimh a bhí ann roimhe seo ó na Ballstáit agus ó Pharlaimint na hEorpa, agus baineann sé tairbhe as ranníocaíochtaí a bailíodh ó pháirtithe leasmhara[23].

Tá a **phríomhphrionsabail** dírithe ar na saincheisteanna seo a leanas:

1. Beartais rothaíochta a fhorbairt agus a neartú;

---

[17] https://sport.ec.europa.eu/news/facts-and-figures-about-the-beactive-2022-campaign
[18] https://sport.ec.europa.eu/initiatives/european-week-of-sport
[19] https://mobilityweek.eu
[20] https://road-safety-charter.ec.europa.eu/
[21] https://etsc.eu/projects/eu-road-safety-exchange/
[22] Rialachán (AE) 2021/782 maidir le cearta agus oibleagáidí paisinéirí iarnróid (https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/HTML/?uri=CELEX:32021R0782&from=CS); tá feidhm ag na forálacha thuas ón 7 Meitheamh 2025
[23] Aiseolas a fuarthas ag cruinniú tiomnaithe d'fhoghrúpa soghluaisteachta gníomhaí ghrúpa saineolaithe an Choimisiúin um an tsoghluaisteacht uirbeach an 3 Iúil 2023 agus le linn comhairliúcháin maidir le Creat Soghluaisteachta Uirbí AE nua (https://ec.europa.eu/info/law/better-regulation/have-your-say/initiatives/12916-Sustainable-transport-new-urban-mobility-framework_en).

2. Soghluaisteacht chuimsitheach, inacmhainne agus shláintiúil a spreagadh;
3. Tuilleadh bonneagair rothaíochta agus bonneagar rothaíochta níos fearr a chruthú;
4. Infheistíochtaí a mhéadú agus dálaí fabhracha a chruthú don rothaíocht;
5. Sábháilteacht agus slándáil ar bhóithre a fheabhsú;
6. Tacú le poist ghlasa ar ardcháilíocht agus le tionscal rothaíochta Eorpach den chéad scoth a fhorbairt;
7. Tacú le hilmhódúlacht agus turasóireacht rothaíochta;
8. Feabhas a chur ar bhailiú sonraí maidir le rothaíocht.

## 4. <u>An bealach chun tosaigh</u>

Sa dréacht-Dearbhú seo, tá creat tagartha agus treoirlínte curtha ar aghaidh ag an gCoimisiún chun borradh a chur faoi leibhéil rothaíochta san Aontas agus chun tacú le poist agus le tionscail ar ardcháilíocht.

Cuirfidh an Coimisiún gníomhaíochtaí cumarsáide agus rannpháirtíochta leis na Ballstáit agus leis na páirtithe ábhartha uile chun cinn chun feasacht faoi na prionsabail a chumhdaítear sa Dearbhú sin agus tiomantas comhroinnte dóibh a áirithiú.